Comhairle an
Aontais Eorpaigh

**An Bhruiséil, 30 Meitheamh 2025
(OR. en)**

**10659/25**

**Comhad Idirinstitiúideach:
2025/0169(NLE)**

**PI 137
AGRI 302**

**GNÍOMHARTHA REACHTACHA AGUS IONSTRAIMÍ EILE**

| | |
|---|---|
| Ábhar: | CINNEADH ÓN gCOMHAIRLE maidir leis an seasamh atá le glacadh, thar ceann an Aontais Eorpaigh, i dTionól an Aontais Speisialta arna bhunú le Comhaontú Liospóin maidir le hAinmniúcháin Tionscnaimh a Chosaint agus maidir lena gClárú go hIdirnáisiúnta i ndáil leis na leasuithe atá beartaithe ar na Comhrialacháin faoi Chomhaontú Liospóin agus faoi Ionstraim na Ginéive den Chomhaontú sin |

**CINNEADH (AE) 2025/… ÓN gCOMHAIRLE**

**an …**

**maidir leis an seasamh atá le glacadh, thar ceann an Aontais Eorpaigh,**
**i dTionól an Aontais Speisialta**
**arna bhunú le Comhaontú Liospóin maidir le hAinmniúcháin Tionscnaimh a Chosaint**
**agus maidir lena gClárú go hIdirnáisiúnta**
**i ndáil leis na leasuithe atá beartaithe ar na Comhrialacháin**
**faoi Chomhaontú Liospóin agus faoi Ionstraim na Ginéive den Chomhaontú sin**

TÁ COMHAIRLE AN AONTAIS EORPAIGH,

Ag féachaint don Chonradh ar Fheidhmiú an Aontais Eorpaigh, agus go háirithe Airteagal 207, i gcomhar le hAirteagal 218(9) de,

Ag féachaint don togra ón gCoimisiún Eorpach,

De bharr an mhéid seo a leanas:

(1) Is Páirtí Conarthach é an tAontas in Ionstraim na Ginéive de Chomhaontú Liospóin i dtaca le hAinmniúcháin Tionscnaimh agus Tásca Geografacha (‘Ionstraim na Ginéive’)[1], a tháinig i bhfeidhm an 26 Feabhra 2020. De bhun Airteagal 21 d’Ionstraim na Ginéive, na Páirtithe Conarthacha atá inti, is comhaltaí iad den Aontas Speisialta arna bhunú le Comhaontú Liospóin maidir le hAinmniúcháin Tionscnaimh a Chosaint agus maidir lena gClárú go hIdirnáisiúnta (‘Comhaontú Liospóin’).

(2) De bhun Airteagal 22(2)(a)(iii) d’Ionstraim na Ginéive, cumhachtaítear Tionól an Aontais Speisialta leis na Rialacháin faoi Ionstraim na Ginéive a leasú.

(3) Le linn an 66ú Sraith de Chruinnithe de chuid Chomhthionóil Bhallstáit na hEagraíochta Domhanda um Maoin Intleachtúil (EDMI) a thionólfar ón 8 go dtí an 17 Iúil 2025, iarrfar ar Thionól an Aontais Speisialta leasuithe a ghlacadh ar na Comhrialacháin faoi Chomhaontú Liospóin agus faoi Ionstraim na Ginéive (‘na Comhrialacháin’).

(4) Is iomchuí an seasamh atá le glacadh thar ceann an Aontais i dTionól an Aontais Speisialta a bhunú, ós rud é go mbeidh na leasuithe sin ina gceangal ar an Aontas.

---

1 IO L 271, 24.10.2019, lch. 15, ELI: http://data.europa.eu/eli/agree_internation/2019/1754/oj.

(5) Sa 6ú seisiún aici, a bhí ar siúl sa Ghinéiv ón 17 go dtí an 20 Márta 2025, mhol an Mheitheal um Fhorbairt Chóras Liospóin (‘Meitheal Liospóin’) do Thionól an Aontais Speisialta go nglacfaí leasuithe éagsúla ar na Comhrialacháin, mar a mhol Rúnaíocht EDMI agus arna modhnú ag Meitheal Liospóin. Is é Córas Liospóin an córas idirnáisiúnta chun ainmniúcháin tionscnaimh agus tásca geografacha a chlárú go hidirnáisiúnta.

(6) Leis an leasú atá beartaithe ar Riail 1(1) de na Comhrialacháin, tugtar cothrom le dáta an sainmhíniú ar ‘foirm oifigiúil’ i bhfomhír (vi) di chun tagairt don chomhéadan leictreonach (e-Liospóin) a chuimsiú, ar comhéadan é a chuir Biúró Idirnáisiúnta EDMI ar fáil d’údaráis inniúla Chóras Liospóin ar shuíomh gréasáin EDMI.

(7) Leis na leasuithe atá beartaithe ar Riail 8(9) de na Comhrialacháin, tugtar cothrom le dáta an leagan den fhoráil atá ann cheana tríd an dáta ábhartha a shoiléiriú chun méid na dtáillí atá le híoc faoi Rialacha 5(2)(c), 15(2)(a), 7(4)(a) agus 7(4)(d) de na Comhrialacháin a chinneadh chomh maith le gach cás eile faoin leagan atá ann cheana de Riail 8(9), faoi seach, agus na sainiúlachtaí éagsúla faoi na Comhrialacháin á gcur san áireamh.

(8) Leis na leasuithe atá beartaithe ar Riail 15(1) de na Comhrialacháin, tugtar isteach fomhíreanna nua (vii) go (ix) chun liosta na modhnuithe is féidir a thaifeadadh sa Chlár Idirnáisiúnta a leathnú. Leis an mír (5) nua atá beartaithe de Riail 15 de na Comhrialacháin, tugtar isteach an fhéidearthacht le haghaidh Páirtí Conarthach fógra a thabhairt faoi dhiúltú mura bhfuil sé in ann cosaint ainmniúcháin tionscnaimh nó táisc gheografaigh a áirithiú de dheasca an mhodhnaithe sin.

(9) Leis an leasú atá beartaithe ar Riail 18(4) de na Comhrialacháin, déantar foclaíocht na forála sin a ailíniú leis an mír (5) nua atá beartaithe de Riail 15 de na Comhrialacháin.

(10) Ba cheart don Aontas tacú le glacadh na leasuithe sin,

TAR ÉIS AN CINNEADH SEO A GHLACADH:

*Airteagal 1*

Is é an seasamh atá le glacadh thar ceann an Aontais i dTionól an Aontais Speisialta, arna bhunú le Comhaontú Liospóin maidir le hAinmniúcháin Tionscnaimh a Chosaint agus maidir lena gClárú go hIdirnáisiúnta, atá le tionól faoi chuimsiú Chomhthionóil Bhallstáit na hEagraíochta Domhanda um Maoin Intleachtúil an 8 go dtí an 17 Iúil 2025, tacú le glacadh na leasuithe ar na Comhrialacháin faoi Chomhaontú Liospóin agus faoi Ionstraim na Ginéive den Chomhaontú sin mar a leagtar amach san Iarscríbhinn a ghabhann leis an gCinneadh seo.

Féadfaidh ionadaithe an Aontais teacht ar chomhaontú freisin maidir le modhnuithe ar na leasuithe atá beartaithe, ar choinníoll nach n-athróidh siad a substaint go mór.

*Airteagal 2*

Tiocfaidh an Cinneadh seo i bhfeidhm ar dháta a ghlactha.

Arna dhéanamh i/in/sa …, …

*Thar ceann na Comhairle*
*An tUachtarán*